# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

## CLÁR NA nÁBHAR


Intreoir an Stiúrthóra ..... 3

Ceiliúradh 50 Bliain ..... 3

Misean ..... 6

Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ..... 7

Éachtaí agus Forbairtí ..... 10

Samplaí a Fuarthas sa tSaotharlann le haghaidh Anailíse ..... 12

An Clár Alcóil: Fuil agus Fual ..... 18

An Clár Alcóil: Anáil ..... 21

An Clár Tocsaineolaíochta ..... 27

Dearbhú Cáilíochta ..... 34

An Clár Tástála Oilteachta ..... 34

Faisnéis Airgeadais & Rialachas Corparáideach ..... 36

Ráiteas ar Rialú Inmheánach ..... 39

Saoráil Faisnéise ..... 41

An Fhoireann ..... 41

Cairt Eagraíochtúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS) ..... 42

Cúrsaí agus comhdhálacha ar fhreastail baill foirne orthu in 2018 ..... 43

Ídiú Fuinnimh ..... 44

Séanadh Dlí ..... 46

# RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA

Tá achoimre leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo don Cheiliúradh 50 bliain ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht an Bhiúró, chomh maith le sonraí tábhachtacha agus ábhartha a bhaineann le tiomáint faoi thionchar an óil agus drugaí agus faoi phríomhról tábhachtach an Bhiúró sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 - 2020.

Bunaíodh an Biúró i 1968 agus sna 50 bliain sin ba é a mhisean chun seirbhís fhóiréinseach náisiúnta ardchaighdeáin a sholáthar maidir le brath óil agus drugaí agus ar an mbealach sin tacú le hoibriú éifeachtach reachtaíochta um shábháilteacht ar bhóithre arna hachtú ag an Oireachtas. Rinneadh feabhsú ollmhór ar shábháilteacht ar bhóithre le fiche nó tríocha bliain anuas. I 1998 bhí 124 bhás ar na bóithre in Éirinn in aghaidh mhilliún an daonra agus laghdaíodh é sin go dtí 30 in 2018, an dara ráta is ísle san Aontas Eorpach. Bhí an Biúró ar cheann de na príomhchuiditheoirí leis an bhfeabhsú sin in éineacht lena chomhpháirtithe sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, sa Gharda Síochána agus in eagraíochtaí agus comhlachtaí eile. Lean sé ag cur leis an gCoiste Aireachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus le seoltaí an RSA agus an Gharda Síochána maidir le sábháilteacht ar bhóithre chomh maith lena chion a dhéanamh ar leibhéal idirnáisiúnta ar choistí agus ag comhdhálacha ina lán tíortha.

Críochnaíodh an chéad bhliain iomlán den chlár réamhthástála le haghaidh drugaí in 2018 agus soláthraíodh 157 gaireas Dräger Drugtest 5000 don Gharda Síochána do sheicphointí tástála éigeantaí le haghaidh óil agus drugaí agus ag 87 stáisiún na nGardaí. Cuireadh tús le feidhmiú céimneach na ngaireas Dräger 7510 nua um thástáil anála le haghaidh alcóil i nDeireadh Fómhair 2018 agus soláthraíodh líon iomlán de 625 ghaireas do na Gardaí agus soláthrófar na 775 ghaireas a bhí fágtha sa chéad leath de 2019.

Méadaíodh líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas le haghaidh anailís alcóil faoi 14% thar 2017 agus bhí méadú comhfhreagrach 34% ann maidir le hanailís tocsaineolaíochta. Bhí laghdú 9% ann maidir le líonta um tástáil fhianaiseach anála. Ba dhúshlán iad na méaduithe suntasacha sin a raibh an Biúró in ann dul i ngleic leo go rathúil sa bhliain. Leanadh le hoiliúint agus le tacaíocht faisnéise a sholáthar don Gharda Síochána, do na Seirbhísí Ionchúisimh, do Dhochtúirí agus do Chógaiseoirí. Bhí baint fós ag an mBiúró le cláir tástála oilteachta le roinnt soláthraithe do líon mór anailítí ar feadh na bliana agus lean sé freisin lena chreidiúnú rathúil le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú maidir lena éagsúlacht leathan d’fheidhmeanna tástála saotharlainne.

I nDeireadh Fómhair rinne an Biúró a Cheiliúradh 50 bliain a chomóradh le ceiliúradh agus cruinniú acadúil arna n-oscailt ag an Uasal Shane Ross T.D., an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag an Ollamh Andrew Deeks, Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, imeacht lena gcuireadh béim ar na naisc láidre idir an dá eagraíocht ó bhunú an Bhiúró. Cuireadh an clár acadúil ar an eolas ag cainteoirí idirnáisiúnta agus náisiúnta agus bhí ionadaithe i láthair ó eagraíochtaí comhpháirtíochta iomadúla an Bhiúró. Tá an Biúró ag tnúth anois lena chéad chaoga bliain eile.

**An tOllamh Denis A. Cusack**
**Stiúrthóir**

# CEILIÚRADH 50 BLIAIN

Bunaíodh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968 i mí na Samhna den bhliain sin. Thionóil Bord an Bhiúró a chéad Chruinniú tionscnaimh an 2 Nollaig 1968.

Déardaoin 18 Deireadh Fómhair 2018 reáchtáil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre searmanas chun 50 bliain a cheiliúradh ar líne thosaigh na fóiréinsice um shábháilteacht ar bhóithre ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta ó 1968 – 2018. Cuireadh tús leis trí nochtadh plaice ceiliúrtha ag Shane Ross, T.D., an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag an Ollamh Andrew Deeks, Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.




Clé go Deas: An tUasal Michael McDermott, Comhalta Bhord MBRS, an tOllamh Denis Cusack, Stiúrthóir MBRS, an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Shane Ross, TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Dr. Declan Bedford, Cathaoirleach MBRS.

Rinneadh roinnt láithreoireachtaí ina dhiaidh sin maidir tiomáint ar meisce, sábháilteacht ar bhóithre agus imeachtaí cúirte thar na 50 bliain seo a chuaigh thart. Rinne an Dr. Declan Bedford, Cathaoirleach MBRS, a chuid cainte oscailte. Bhí ionadaithe i láthair ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ón nGarda Síochána.







Clé go Deas: Shane Ross, TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Moyagh Murdock, RSA, Ard-Cheannfort Aidan Reid, An Garda Síochána
an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Declan Bedford, Cathaoirleach MBRS.

Ba é an t-eochairchainteoir an tOllamh Eilish Gilvarry óna RA arna leanúint ag an Ollamh Denis Cusack, Stiúrthóir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, an tUasal Helen Kearns, MBRS, an Dr. Richard Maguire, MBRS agus an tUasal Stephanie O'Brien, Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí.



Clé go Deas: An tUasal Helen Kearns, Príomh-Anailísí, MBRS, an tUasal Stephanie O'Brien, Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, an tOllamh Denis Cusack, Stiúrthóir MBRS,
an tOllamh Eilish Gilvarry, Eocahairchainteoir, an Dr. Richard Maguire, Ard-Anailísí, Tocsaineolaíocht, MBRS

**RÁITEAS MISIN:**

***"Seirbhís fhóiréinseach náisiúnta ardchaighdeáin a sholáthar maidir le halcól agus drugaí (substaint mheisciúil) a bhrath mar thaca le hoibriú éifeachtach na reachtaíochta um shábháilteacht ar bhóithre agus chun cur le bearta um shábháilteacht ar bhóithre agus um oiriúnacht mhíochaine chun tiomána."***




## FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is é an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as tástáil cheimiceach a dhéanamh maidir le halcól agus drugaí i gcomhthéacs na tiomána in Éirinn. Is foras corparáideach é arna bhunú ag an Aire Rialtais Áitiúil i 1968 faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968.

Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an 22 Iúil 1997. I mí Mheithimh 2002, tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair faoin Ordú um Aistriú Feidhmeanna Riaracháin agus Aireachta Ranna, 2002.

Ó 2011 tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 – 2016.




Nuair a bunaíodh an Biúró i 1968, chuir sé tús leis na feidhmeanna seo a leanas: Tástáil le haghaidh Alcóil ar Thaobh an Bhóthair, Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual, Eisiúint Teastas agus soláthar trealaimh chun samplaí a ghlacadh.

Tá cuid mhór athruithe tagtha ar an reachtaíocht ó shin, mar shampla: tástáil fhianaiseach anála (EBT) le haghaidh alcóil a thabhairt isteach, agus tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí arna soláthar in ospidéil, samplaí arna nglacadh ó thiománaithe a bhí i dtimpistí agus tástáil éigeantach le haghaidh substaintí meisciúla chun Réamhthástáil ar Alcól san Anáil (PBT) agus Réamhthástáil le haghaidh Drugaí (PDT) a áireamh. Eisíonn an Biúró teastais faoi alt 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 (mar a leasaíodh in 2016), lena ndeimhnítear tiúchan an alcóil i bhfuil nó i bhfual, lena ndeimhnítear láithreacht druga nó drugaí i bhfuil nó i bhfual agus lena ndeimhnítear tiúchan druga nó drugaí i bhfuil.

Leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2018 tugadh isteach pionós níos déine do thiománaithe a bhfuil leibhéil alcóil idir 50mg/100ml agus 80mg/100ml san fhuil acu agus an leibhéal coibhéiseach acu san fhual nó san anáil, ag aithint go gcuirtear isteach ar thiomáint fiú le leibhéil ísle alcóil.

Lean an Biúró chun gach gné dá chuid oibre a leathnú agus a fhorbairt thar na blianta agus é ag díriú ag an am céanna ar na freagrachtaí atá air sa dlí de réir mar atá siad leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (na hAchtanna) agus de réir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Oibríonn an Biúró d’fhonn na feidhmeanna thíos atá ceangailte go dlúth le chéile a chomhlíonadh.

Anailís le haghaidh Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Anailís le haghaidh Alcóil san Anáil

Anailís le haghaidh Drugaí san Fhuil agus san Fhual

Tástáil le haghaidh Drugaí sa Sreabhán Béil

Taighde – Tiomáint faoi thionchar Alcóil agus Drugaí Teicneolaíochtaí Nua.

Finnéacht Shaineolach Ghairmiúil

Corparáireach agus Airgeadas

Dearbhú Cáilíochta

Bíonn an Biúró ag coinneáil suas ar bhonn leanúnach le forbairtí teicneolaíochta agus bíonn na modhanna anailíse is fearr in úsáid aige. Tá sé eolach ar an nuálaíocht i dtaca le gléasanna brathadóireachta alcóil agus drugaí, sa tsaotharlann agus taobh amuigh di araon – ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin Gardaí.

Cuireann an Biúró seirbhís ar fáil do na heagrais agus grúpaí seo a leanas: an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Cúirteanna, an Garda Síochána, dlíodóirí cosanta, dlíodóirí ionchúisimh agus an pobal.

Is ionann oibriú rathúil leanúnach an Bhiúró agus an infheistíocht in oiliúint na foirne agus i bhfeabhsú scileanna. Tá an Stiúrthóir freagrach as an mBiúró a rith ó lá go lá. Tá an Príomh-Anailísí freagrach as na saotharlanna agus as na cláir a bhaineann leo a rith ó lá go lá. Tá bainisteoir cláir ar gach clár agus iad ag obair ar leibhéal Ard-Anailísí. Tá an Riarthóir Sinsearach freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as riarachán foriomlán an Bhiúró. Tá Bainisteoir Cáilíochta ag an mBiúró ag leibhéal Ard-Anailísí.

(féach an chairt eagraíochta ar leathanach 42)

# Éachtaí agus Forbairtí Suntasacha le linn 2018

## Réamhthástáil le haghaidh Drugaí

Lean Réamhthástáil le haghaidh Drugaí (PDT) chun a mhéadú ag ráta measartha ar fud na tíre. Lean an grúpa athbhreithnithe PDT ina bhfuil baill den MBRS, AGS agus DTTAS chun bualadh le chéile chun úsáid a a athbhreithniú agus a mheasúnú agus chun tacaíocht leanúnach don chlár a chinntiú.

## Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí

Chuir an Biúró modh nua um Réamh-Scagthástáil Drugaí chun feidhme lena n-úsáidtear LC-MS-MS chun drugaí a anailísiú; cuireadh an modh seo in áit an chórais imdhíonmheasúnachta a úsáideadh roimhe sin. Leis an modh scagthástála nua ligtear do shainaithint an druga shainiúil ag an gcéim tosaigh seachas aicme an druga, rud a tharla sa tástáil imdhíonmheasúnachta.

## Tástáil Dheimhniúcháin le haghaidh Drugaí

Lean an Biúró chun tástáil dheimhniúcháin ar fhuil a dhéanamh go hinmheánach in 2018 agus ó Bhealtaine 2018 rinneadh tástáil dheimhniúcháin uile ar fhuail go hinmheánach.

## Réamhthástáil Anála le haghaidh Alcóil

Chuir an Biúró tús le próiseas soláthair maidir le gairis Tástála Anála ar Thaobh an Bhóthair agus feidhmiúlacht bhreise iontu d’fhonn riachtanais an Gharda Síochána a chomhlíonadh. Cuireadh an próiseas soláthair tosaigh chun feidhme i Nollaig 2017 agus dámhadh an tairiscint go luath in 2018 do Dräger le haghaidh gairis réamhthástála anála a sholáthar; an Dräger7510. Tá an cumas tomhaiste alcóil céanna ag na gairis nua ach tá feidhmiúlacht bhreise acu i dtéarma rianú láithreach agus stóráil sonraí. Cuirfear líon iomlán de 1,400 gaireas in úsáid i measc an Gharda Síochána. Cuireadh líon iomlán de 625 in úsáid faoi dheireadh 2018 agus bhí an chuid eile le bheith eisithe in 2019.

## Dearbhú Cáilíochta

Coimeádadh creidiúint ISO 17025 in 2018 maidir leis na tástálacha seo a leanas:

- Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála
- Réamhthástáil le haghaidh Drugaí
- Tástáil Sreabháin Bhéil le haghaidh Drugaí
- Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí
- Deimhniú Cannabais i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú Beinsidhé-asaipín i bhFuil agus i bhFual
- Tástáil dheimhniúcháin ildrugaí i bhFuil

Faoi raon feidhme solúbtha tugadh tástáil dheimhniúcháin ildrugaí i bhFual isteach ar liosta na dtástálacha creidiúnaithe agus cuireadh le raon feidhme na tástála í tar éis iniúchadh an INAB go luath in 2019.

## Sláinte, Leas agus Sábháilteacht

Rinne an Biúró athbhreithniú ar a Ráiteas Sábháilteachta agus lean sé chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe uile na Sláinte agus na Sábháilteachta le linn 2018. Cuirtear an fhoireann uile ar an eolas faoin ról atá aici maidir le Sláinte,

Leas agus Sábháilteacht agus tionóladh seimineár don fhoireann maidir le Dínit agus Meas le linn 2018. Ní raibh aon timpistí nó teagmhais suntasacha le tuairisciú le linn na bliana.

## Comhroinnt agus Forbairt Eolais

Thug baill foirne agus Stiúrthóir an Bhiúró cainteanna agus d'fhreastail siad ar chuid mhór comhdhálacha, ar chruinnithe agus ar ghrúpaí oibre a bhain le hobair an Bhiúró agus an aidhm ann saineolas agus eolas a chomhroinnt.

D'óstáil an Biúró roinnt daltaí meánscoile idirbhliana le haghaidh seachtaine an duine le linn 2018.

Tá baill foirne de chuid an Bhiúró páirteach i ngrúpa úsáideoirí LIMS in éineacht le saotharlanna eile na Seirbhíse Poiblí agus na Státseirbhíse. D'óstáil an Biúró roinnt de na cruinnithe sin in 2018.

Tá eolaithe an Bhiúró ina suí ar choistí agus ar ghrúpaí oibre náisiúnta agus idirnáisiúnta um chaighdeáin agus comhroinnt eolais lena n-áirítear OIML, Eurachem, UKIAFT agus EMCDDA.

D'fhoilsigh an tArd-Anailísí sa Tocsaineolaíocht, an Stiúrthóir agus an Dr. Shane Cullinan (RCSI) alt san fhoilseachán *The Irish Pharmacist* in 2018 dar teideal 'Drug Driving and the Irish Pharmacist'.

## Seimineáir faoi choinne Gardaí

Reáchtáil baill shinsearacha foirne de chuid an Bhiúró seimineáir éagsúla faoi choinne grúpaí Gardaí de réir mar a bhí gá leo le linn 2018.

## An Duais 'Global Light of Hope'.

Ghlac an Stiúrthóir Duais 2017 'Global Light of Hope', Ambasadóir don Bhliain ar son Sábháilteacht ar na Bóithre agus Íospartaigh Timpistí Bóithre, arna bronnadh air ag Cumann Íospartach Timpistí Bóithre na hÉireann i Márta 2018 agus ghlac sé leis an duais mar aitheantas d'obair na foirne de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## Samplaí a Fuarthas sa tSaotharlann le haghaidh Anailíse


In 2018, rinneadh anailís ar líon iomlán de 3,865 shampla fola agus fuail maidir le alcól agus/nó drugaí.

Bhí méadú suntasach i líon na samplaí a cuireadh ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh anailíse don dara bliain i ndiaidh a chéile ó chur i bhfeidhm an Achta um Thrácht ar Bhóithre 2016, lenar dtugadh isteach Réamhthástáil le haghaidh Drugaí ag an nGarda Síochána agus tástáil leibhéil *per se* le haghaidh cannabais, cócaoin agus hearóine.

**Tábla 1**
**An Líon Iomlán Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir**

| Clár | 2018 | 2017 | Méadú |
|---|---|---|---|
| **Alcól i bhFuil agus i bhFual** | 3,865 | 3,386 | 14% |
| **Tocsaineolaíocht Fola agus Fuail** | 2,152 | 1,592 | 34% |
| **Tástáil Fhianaiseach Anála** | 6,021 | 5,512 | 9% |

**Cairt 1**





*Nóta Líon na Samplaí a cuireadh ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh anailíse ag an nGarda Síochána

## Samplaí Fola agus Fuail a fuarthas de réir Contae

**Cairt 2**


### % an Athraithe 2017 v 2018




## Anailís ar Am

Is é is dóichí gur idir an tráthnóna agus uaireanta luatha na maidine a soláthraíodh samplaí fola agus fuail, mar is léir ón gcairt thíos. Níl aon athrú air sin ó bhlianta roimhe.

**Cairt 3**




## Líon na Samplaí a Soláthraíodh in Ospidéil

Soláthraíodh 544 shampla in ospidéil in 2018. Is ionann é sin agus 14% de líon iomlán na samplaí fola agus fuail.


## Tiománaithe Neamhaireachtálacha

In 2018, cuireadh 6 shampla d'fhuil a tarraingíodh ó thiománaithe neamhaireachtálacha ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh anailíse.

## Anailís de réir Lae

Léiríonn an chairt thíos go soláthraítear níos mó samplaí fola agus fuail Dé Sathairn, Dé Domhnaigh agus Dé Luain ná aon lá eile. Bíonn tionchar ag an am a chuirtear samplaí ar fáil ar na figiúirí seo freisin, áfach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur luath maidin Dé Luain atá i gceist le cuid de na leibhéil atá léirithe don lá áirithe sin.

**Cairt 4**




## Anailís de réir Inscne

Bhí patrún comhchosúil le sonrú in 2018 ó thaobh an chóimheasa fhirinn/bhaininni gcomparáid le blianta roimhe sin agus bhain 83% de na samplaí a bhí curtha ar fáil ag tiománaithe le fir.

**Tábla 2**


**Próifíl Inscne na Samplaí a Fuarthas – Fuil agus Fual**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **FIR** | 83% | 82% |
| **MNÁ** | 17% | 18% |

## Próifíl Aoise

Tá próifíl aoise na dtiománaithe a sholáthair samplaí fola agus samplaí fuail suntasach. Baineann an céatadán is mó de thiománaithe a gabhadh leis an gcatagóir aoise 25-34 bliana. Bhí méadú cothrom ann i líon na dtiománaithe sa chatagóir aoise 25-34 thar na ceithre bliana seo a chuaigh thart ach sa chatagóir aoise <25 bhí laghdú beag ann.


**Cairt 5**




## Próifíl Aoise de réir Inscne

**Cairt 6**

**Próifíl Aoise na dTiománaithe 2018**
**Fir v Mná**




| | <25 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Male | 16.8% | 28.7% | 17.8% | 9.6% | 5.4% | 4.0% |
| Female | 1.6% | 4.7% | 4.1% | 3.4% | 2.1% | 1.1% |

Male Female

# AN CLÁR ALCÓIL: FUIL AGUS FUAL

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Chlár Fola agus Fuail:

- Samplaí fola agus samplaí fuail a chuirtear chuig an mBiúró a ghlacadh agus anailís a dhéanamh orthu
- An tiúchan alcóil i samplaí fola agus i samplaí fuail a dheimhniú
- Teastais Anailíse a eisiúint
- Samplaí lochtacha a thástáil
- Saineolas a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Sonraí faoi thástálacha le haghaidh alcóil a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu






## Trealamh le haghaidh Samplaí Fola agus Samplaí Fuail a Sholáthar

Ullmhaíodh 2,900 fearas samplaí in 2018 (lenar gcuimsíodh 1,500 fearas fola agus 1,400 fearas fuail).
San iomlán eisíodh 4,100 fearas, lenar gcuimsíodh 2,700 fearas fola agus 1,400 fearas fuail chuig Stórais Lárnacha an Gharda Síochána in 2018.
Ullmhaíodh agus eisíodh 1,400 crúiscín. (Féach Tábla 3) Ba laghdú é sin i gcomparáid le blianta beaga anuas mar dáileadh stoc imleor cheana chuig Stáisiúin Gardaí ar fud na tíre.

**Tábla 3**

**Fearais Ullmhaithe & Eisithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | Fearais Ullmhaithe | | Fearais Eisithe | |
|---|---|---|---|---|
| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
| **FEARAIS FOLA** | 1,500 | 3,700 | 2,700 | 3,800 |
| **FEARAIS FUAIL** | 1,400 | 3,200 | 1,400 | 3,200 |
| **CRÚISCÍNÍ** | 1,400 | 2,900 | 1,400 | 3,300 |

Choinnigh an Biúró soláthar teagmhasach de 500 ar a laghad de gach cineál fearais ar feadh na bliana.

## Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual

Déantar anailís ar shamplaí Fola agus ar shamplaí Fuail le Crómatagrafaíocht Gháis Spáis Uachtaraigh agus Brathadóireacht Ianúcháin Lasrach (HSGC-FID). Déantar anailís faoi dhó ar a laghad ar gach sampla; is beirt eolaithe difriúla a dhéanann na hanailísí agus úsáideann siad dhá chóras éagsúla HSGC-FID. Caithfidh torthaí na n-anailísí a bheith ag teacht le chéile sular féidir Teastas Anailíse a eisiúint.

Fuarthas líon iomlán de 3,865 shampla fola agus fuail le haghaidh anailíse le linn 2018. Fuarthas 17 sampla le tástáil le haghaidh drugaí amháin mar tástáladh na tiománaithe le haghaidh alcóil agus ionstraim Tástála Fianaisí Anála á húsáid. Níor eisíodh teastais i 77 gcás (2%) mar gheall ar locht éigin a bheith ar an sampla nó sa cháipéisíocht a bhí ag gabháil leis an sampla. Ba mhéadú beag i gcomparáid le 2017 leibhéal na “neamheisiúna”. Méadaíodh an líon samplaí fola agus samplaí fuail a fuarthas in 2018 14% i gcomparáid leis an líon a fuarthas in 2017.

## An Leibhéal Meánach Alcóil i bhFuil agus i bhFual

Ba é 154mg/100ml an leibhéal meánach alcóil i bhfuil agus 192mg/100ml an leibhéal meánach i bhfual in 2018. Níl samplaí nach raibh aon rian den alcól iontu san áireamh sna figiúirí sin.

Ba é 463mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil a fuarthas i bhfuil in 2018, agus 528mg/100ml an t-uasleibhéal a fuarthas i bhfual.


### Breis agus Dhá Oiread os cionn na hUasteorann 50mg/100ml** (Fuil) nó 67mg/100ml** (Fual)

Rinneadh 1,518 sampla a dheimhniú in 2018 a bhí dhá oiread nó níos mó os cionn na n-uasteorainneacha sin. Is ionann an figiúr sin agus 40% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh.

*** Is tábhachtach a thuiscint nach bhfaigheann an Biúró sonraí faoi rangú na dtiománaithe nuair a fhaigheann siad samplaí le tástáil; .i.Tiománaithe Lán-Cheadúnaithe seachas Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tiománaithe Nua, a mbaineann uasteorainneacha dleathacha níos ísle leo.*

Taispeántar le Cairt 6 agus Cairt 7 cion na dtiománaithe sna bandaí éagsúla maidir le fuil agus fual faoi seach.


**Cairt 7**




| | Nil | <20 | 21-50 | 51-80 | 81-100 | 101-150 | 151-200 | >200 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2017 | 39% | 1% | 4% | 5% | 4% | 13% | 15% | 19% |
| 2018 | 52% | 1% | 4% | 5% | 3% | 11% | 13% | 11% |

**Cairt 8**

**Leibhéil Dheimhnithe Alcóil i bhFual**




| | Nil | <27 | 28-67 | 68-107 | 108-135 | 136-200 | 201-267 | >268 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2017 | 28% | 2% | 6% | 9% | 6% | 17% | 19% | 12% |
| 2018 | 25% | 2% | 6% | 10% | 6% | 19% | 18% | 15% |

2017 2018

# AN CLÁR ALCÓIL: ANÁIL

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Chláir um Alcól in Anáil:

- Gairis chun láithreacht alcóil in anáil (gléasanna réamhthástála anála ar thaobh an bhóthair) a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil
- Gairis chun tiúchan alcóil san anáil a dheimhniú (gléasanna tástála fianaisí anála) a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil
- Cúnamh saineolaíoch a thabhairt do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Cúrsaí oiliúna a sholáthar do Oibritheoirí agus do Mhaoirseoirí EvidenzerIRL.
- Sonraí maidir le tástálacha fianaiseacha anála le haghaidh alcóil a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.




## Tástáil Anála le haghaidh Alcóil ar Thaobh an Bhóthair

Lean an Biúró chun tacú le timpeall ar 1,100 gaireas leictreonach Dräger 6510 arna n-eisiúint chuig an nGarda Síochána i dtimpeall ar 373 Stáisiún Gardaí ar fud na tíre go dtí gur cuireadh tús leis an gclár athsholáthair um Ghairis Scagthástála Anála i nDeireadh Fómhair 2018. Cuirfear an clár athsholáthair i gcrích i lár 2019. Leantar leis an tacaíocht do ghairis Dräger 6510 agus Dräger 7510 araon.

## Gairm ar Thairiscintí

I gcomhar le Rannóg Soláthair an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Oifig Soláthair Rialtais agus an Rannóg Soláthair Oideachais in Ollscoil Luimnigh, rinne an Biúró gairm ar thairiscintí in 2017 chun Gléasanna Scagthástála Alcóil in Anáil ar Thaobh an Bhóthair a sholáthar. Bhí na gléasanna nua le tabhairt isteach mar uasghrádú ar na gléasanna Dräger 6510, mar bhí tacaíocht do na gléasanna níos sine srianta agus bhí áiseanna GPS agus íoslódála sonraí ar fáil ar na leaganacha níos nua-aimseartha. Bhí cuid de na gléasanna 6510 a bhí in úsáid breis agus 10 mbliana d'aois. D'fhreagair ceithre soláthraithe ar an ngairm agus gheall siad go gcuirfidís 3 ghléas san iomlán ar fáil le haghaidh a measúnaithe. Cuireadh an tástáil i gcrích i Samhain 2017 agus dámhadh an tairiscint do Dräger le haghaidh an gléas scagthástála le haghaidh alcóil in anáil Dräger 7510 a sholáthar in 2018.

## Tástáil Fhianaiseach Anála le haghaidh Alcóil

Lean an Biúró le tacaíocht a thabhairt i dtaca le 86 ghléas EvidenzerIRL i stáisiúin Gardaí ar fud na hÉireann agus lean sé lena gcothabháil freisin.




## Oiliúint don Gharda Síochána

Sholáthair an Biúró teagasc do 42 Oiliúnóirí is Gardaí maidir le hoibriú na ngléasanna Dräger 7510 d'fhonn iad a chumasú pearsana an Gharda Síochána a oiliúint ina dhiaidh sin.
Lean an Biúró de bheith ag cur cúrsa oiliúna ar fáil, i gcomhar leis an nGarda Síochána, faoi choinne Oibritheoirí agus Maoirseoirí. Cúrsa oiliúna lá go leith atá i gceist a ceapadh le hOibritheoirí agus Maoirseoirí sna Gardaí a oiliúint chun úsáid a bhaint as an ngléas EvidenzerIRL.


Cuireadh 122 Gharda faoi oiliúint mar Oibritheoirí EBT, lenar áiríodh 68 a fuair oiliúint mar Mhaoirseoirí.

## Gléasanna EBT a Thástáil i Stáisiúin Gardaí

Thástáil Eolaithe ón mBiúró gach gléas a suiteáladh roimhe sin i stáisiúin Gardaí ar dhá ócáid ar a laghad, agus rinneadh tástáil ar an láithreán ar 200 ócáid in 2018 (202 in 2017).

Is gné ríthábhachtach an tástáil sin chun cáilíocht thorthaí na dtástálacha le haghaidh alcóil in anáil a dhearbhú chun críocha fianaise.

**Cairt 9**




| | 0 | 1 - 9 | 10 - 22 | 23 - 35 | 36 - 44 | 45 - 66 | 66+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2017 | 243 | 320 | 914 | 941 | 567 | 1326 | 1201 |
| 2018 | 284 | 353 | 886 | 948 | 470 | 1207 | 1138 |

## Anailís Anála i dtaca le hAlcól

In 2018, tugadh 6,021 tiománaí go stáisiúin Gardaí agus sholáthair siad samplaí anála le haghaidh anailís alcóil. In 2.3% de na cásanna sin, thug EvidenzerIRL le fios go raibh cúis éigin ann nach bhféadfaí teastas a eisiúint de réir Alt 13, mar shampla mar gheall ar chosaintí mar Alcól Béil nó Difear san Anáil. Theip ar 10% de na tiománaithe samplaí anála a thabhairt nó dhiúltaigh siad déanamh amhlaidh. Cuireadh líon iomlán de 5,286 shampla anála i gcrích agus eisíodh teastas de réir Alt 13.

## Níos Mó ná Dhá Oiread na hUasteorann 22 µg /100ml** (Anáil)

As an líon iomlán de 5,286 shampla anála arna gcur i gcrích, bhí 44% acu sin níos mó ná dhá oiread na huasteorann sin. Tá sin rud beag níos airde ná torthaí fola agus fuail a bhí níos mó ná dhá oiread na huasteorann ag 40%.

**(*Is tábhachtach a thuiscint nach bhfaigheann an Biúró sonraí faoi rangú tiománaithe nuair a fhaigheann sé samplaí le tástáil; .i. Tiománaithe Lán-Cheadúnaithe seachas Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tiománaithe Nua, arb é 9* µg an teorainn dhleathach ina leith.*)*


## An Meánleibhéal Alcóil in Anáil

Ba é 45µg/100ml an meánleibhéal alcóil deimhnithe in anáil in 2018, samplaí anála a raibh toradh nialais alcóil leo as an áireamh.

## Anailís ar Am

As líon iomlán na samplaí anála (6.021), soláthraíodh 77% acu idir 7pm agus 7am, soláthraíodh 11% acu idir 7am agus 1pm agus soláthraíodh an 12% eile idir 1pm agus 7pm.

**<u>Cairt 10</u>**




## Inscne agus Samplaí Tástálacha Fianaiseacha Anála


Tá líon na dtiománaithe fireanna a mbíonn orthu sampla anála a sholáthar i bhfad níos mó ná líon na dtiománaithe baineanna; 7:1 an cóimheas fireann le baineann. Níor cuireadh dáta breithe isteach le cúig shampla anála ó thiománaithe, agus cuireadh iad sin as an áireamh sna Táblaí agus Cairteacha lena mbaineann próifílí aoise thíos.

**Tábla 4**


**Próifíl Inscne na Samplaí Anála a Soláthraíodh**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **FIR** | 87% | 86% |
| **MNÁ** | 13% | 14% |

**Cairt 11**



**Cairt 12**




| | 0-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| % Male (of total) | 11% | 24% | 23% | 16% | 9% | 4% |
| % Female (of total) | 1% | 4% | 4% | 3% | 1% | 0.4% |

# AN CLÁR TOCSAINEOLAÍOCHTA

Is é an Dr Richard Maguire, Ard-Anailísí, atá i gceannas ar an gclár seo. Ba iad seo a leanas príomhfheidheanna an chláir sin in 2018:


- Anailís a dhéanamh ar shamplaí fola agus ar shamplaí fuail le láithreacht drugaí agus/nó a dtiúchan a dheimhniú.
- Teastais Anailíse a eisiúint maidir le láithreacht agus/nó tiúchan druga nó drugaí.
- Gléasanna Réamhthástála le haghaidh Drugaí (sreabhán béil) a sholáthar/a chothabháil agus rialú cáilíochta maidir le tomhaltáin.
- Modhanna nua tástála le haghaidh drugaí a fhorbairt.
- Cúnamh eolaíoch a thabhairt do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.
- Taighde ar dhrugaí a lagaíonn céadfaí tiománaithe.


Lean rannán tocsaineolaíochta an MBRS chun samplaí uile a thástáil faoin teorainn le haghaidh alcóil de 80mg/100ml i bhfuil agus 107mg/100ml i bhfual. Bhí 22 shampla a bhí os cionn na huasteorann arna n-iarraidh go sainiúil ag AGS agus seoladh 14 shampla EBT dhiúltacha chuig an MBRS le tástáil le haghaidh drugaí.

## Réamhthástáil le haghaidh Drugaí (PDT) ar Thaobh an Bhóthair / i Stáisiúin

Tugadh an clár PDT isteach in 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 13 Aibreán 2017. Soláthraíodh leis sin 86 anailíseoir DT5000 agus 47 anailíseoir móibíleach. Faoi dheireadh 2018 bhí 87 anailíseoir seasta agus 60 aonad móibíleach. Tá an t-anailíseoir in ann caitheamh Cannabais, Cócaoin, Codlaidínigh agus Beinsidhé-asaipín a bhrath i sreabhán béil.








Le linn 2018, cuireadh oiliúint ar 18 nGarda ar úsáid an DT5000 go leibhéal oiliúnóra. Cheannaigh an Biúró 4,500 STK inchaite le húsáid in 2018 le húsáid leis na feistí. Rinne an Biúró bainistiú freisin ar thástáil i dtaca le dearbhú cáilíochta comhpháirt an chaisín sa chóras seo agus rinne sé tástálacha feidhmíochta tuairim is gach 6 mhí ar gach anailíseoir lena chinntiú go raibh siad ag oibriú mar is ceart. Bhí an Biúró sásta le feidhmíocht an DT5000 in 2018 agus déanfaidh sé monatóireacht leanúnach ar a fheidhmíocht.

Bailíodh sonraí faoi líon na dtástálacha a rinneadh leis na hanailíseoirí a bhí ar fáil don Gharda Síochána le haghaidh 2018; tugtar ar aird, áfach, nach tomhas de ghníomhaíochtaí forfheidhmithe atá i gceist leis seo agus nach ndéantar idirdhealú sa chóras reatha ar thástálacha a dhéantar ar mhaithe le hoiliúint, taispeáint, dearbhú cáilíochta agus cúiseanna forfheidhmithe. Taispeántar an ghníomhaíocht le haghaidh 2018 thíos.

**Tábla 5**

| AN CINEÁL ÚSÁIDE A BAINEADH AS AN ANAILÍSEOIR | LÍON NA dTÁSTÁLACHA |
|---|---|
| **Móibíleach** | 3,572 |
| **I stáisiún** | 349 |
| **Iomlán** | 3,921 |

Nuair a bhailítear sreabhán béil ó thiománaí i gcomhair tástála, agus toradh dearfach a bheith faighte ó thaobh druga nó drugaí a bheith ann, iarrann an Biúró ar an nGarda Síochána “Foirm Eolais” (féach thíos) a chur isteach chucu chun torthaí

na tástála ar thaobh an bhóthair a chur in iúl. Ciallaíonn sé sin gur féidir comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht an DT5000 agus an tástáil saotharlainne a dhéantar ina dhiaidh sin.

**INFORMATION FORM**

To be returned to Medical Bureau of Road Safety with specimen taken under the Road Traffic Act.

(1) Driver's Name: ____________________

(2) Was Evidential Breath Testing carried out? **YES / NO**

(3) Was Preliminary Drug Testing carried out? **YES / NO**

Cannabis ☐ Benzodiazepine ☐ Cocaine ☐ Opiate ☐

Please indicate positive results by ticking the relevant boxes.

Ar an iomlán, cuireadh 625 sampla ar ais le foirmeacha PDT in 2018. Astu sin bhí toradh dearfach ar 563 dóibh maidir le druga amháin ar a laghad de na ceithre dhruga is féidir a bhrath leis an DT5000. As an 563 cás dearfach b'ionann an leitheadúlacht drugaí a a bhrath an DT5000 agus 408 (72% 2018, 64% 2017) acu a raibh cannabas iontu, 230 (41% 2018, 35% 2017) acu a raibh cócaon iontu, 45 (8% 2018, 8% 2017) acu a raibh codlaidínigh iontu agus 38 (7% 2018, 5% 2017) acu a raibh beinsidhé-asaipíní iontu. Baineann formhór na brathadóireachta le drugaí mídhleathacha seachas codlaidínigh agus beinisdhé-asaipíní, ar féidir iad a cheannach agus/nó a fhorordú go dleathach ach ar féidir mí-úsáid a bhaint astu freisin.

## Tástáil Saotharlainne


Lean rannán tocsaineolaíochta an MBRS chun samplaí uile a thástáil faoin teorainn le haghaidh alcóil de 80mg/100ml i bhfuil agus 107mg/100ml i bhfual. Rinneadh anailís ar 2, 144 sampla i gcomhair druga nó drugaí, arb ionann é sin agus méadú 34% ar líon na samplaí a tástáladh in 2017. Astu sin, rinneadh tástáil uathoibríoch ar 2,099 ceann díobh a bhí faoi bhun na teorann alcóil i gcomhair drugaí. Tástáladh 28 sampla a bhí os cionn na teorann alcóil thuas i ndiaidh iarratas sonrach a fháil ón nGarda Síochána. Is ionann é sin agus méadú 27% i gcomparáid le 2017. Tástáladh 17 sampla a bhí os cionn na teorann alcóil thuas a tástáladh i gcomhair alcóil ag úsáid EBT chomh maith. Is é sin fachtóir 3.4 oiread líon an chineáil chéanna samplaí in 2017.

Rinneadh buntástáil scagtha i dtaca le cannabas, cócaon, codlaidínigh, meiteadón, beinsidhé-asaipíní, amfataimíní agus meitiolamfataimíní. Cuireadh modh scagtha nua bunaithe ar LC-MS-MS in ionad na seantástála Imdhíonmheasúnachta ELISA i mí Mheán Fómhair 2018. Cé go raibh tástáil ELISA oiriúnach don fheidhm, is feabhsú suntasach é an modh nua seo, a ghlac roinnt blianta le forbairt, lena soláthrófar solúbthacht maidir le drugaí nua agus a meitibilítí a chur le painéal drugaí MBRS. Leis an gcur chuige nua LC-MS-MS seo soláthraítear faisnéis ag an gcéim scagtha maidir leis na drugaí agus na meitibilítí sonracha a bhíonn sna samplaí seachas an aicme drugaí, arbh é sin an cás le haghaidh roinnt drugaí leis an imdhíonmheasúnacht.


As an 2,144 sampla a tástáladh, bhí toradh dearfach ann i dtaca le rang amháin drugaí ar a laghad i gcás 1,628 (76%) acu nuair a rinneadh réamhthástáil le haghaidh drugaí; bhí toradh diúltach ann maidir leis na drugaí a raibh an Biúró ag tástáil

ina leith i gcás 516 (24%) acu. Léiríonn an chairt thíos (Cairt 13) cad iad na ndrugaí a braitheadh sna samplaí uile fola agus fuail. Mar an gcéann le blianta roimhe sin is é Cannabas fós an druga is coitianta i ndiaidh alcóil. In 2018, áfach, tá Cócaon tagtha in ionad Beinsidhé-asaipíní mar an gcéad druga eile is coitianta. Léiríonn an bharrachairt thíos (Cairt 14) na drugaí a fuarthas agus an oiread a fuarthas níos mó ná druga amháin sna samplaí fola agus sna samplaí fuail a tástáladh.

**Cairt 13**





**Cairt 14**



B'ionann an phróifíl inscne agus 87% d'fhir agus 13% de mhná bunaithe ar shonraí torthaí dearfacha scagthásthála agus tá próifíl aoise na samplaí dearfacha taispeánta i gcairt 15 thíos:

**Cairt 15**




Sa chás inar braitheadh sa bhuntástáil scagtha go raibh toradh dearfach ann, rinneadh an toradh a dheimhniú le crómatagrafaíocht gháis agus mais-speictriméadracht theaindim i gcás cannabais, agus rinneadh an toradh a dheimhniú le crómatagrafaíocht leachta agus mais-speitriméadracht theaindim i gcás na ndrugaí eile. Cuireadh na samplaí dearfacha uile a fuarthas in 2018 ar aghaidh le deimhniú a fháil i dtaca leis na drugaí eile a braitheadh nuair a rinneadh scagthástáil, oiread agus ab fhéidir, bunaithe ar mhéid na samplaí. Roimhe sin, cuireadh samplaí fuail ar theastaigh deimhniú i gcomhair drugaí ina leith seachas Cannabas agus Beinsidhé-asaipíníchui Eurofins (LGC roimhe seo) sa Ríocht Aontaithe. Cuireadh deireadh leis an gcleachtas sin i mí an Mhárta 2018 agus tástáladh gach sampla ar theastaigh anailís drugaí ina leith i ndiaidh an dáta sin i saoráid COBÁC de chuid an Bhriúró. Níor thástáil Eurofin ach 20 sampla fuail in 2018.

Chuir an obair sin go mór leis an ualach oibre ó thaobh anailís deimhnithe de. Mar thoradh ar an méadú foriomlán ar shamplaí a chuirtear ar aghaidh chuig an mBiúró i ngeall ar an méadú ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta ag AGS tá méadú 35% tagtha ar scagthástáil. Tá méid an mhéadaithe ar an tástála deimhniúcháin le haghaidh na drugaí/aicmí éagsúla

aibhsithe sna táblaí thíos. Léiríonn sa chéad tábla (Tábla 6) an difear idir líon na-anailísí deimhniúcháin idir 2017 agus 2018 agus taispeántar leis sin gur tháinig méadú 54% ar dheimhnithe i ngach cás. Léiríonn Tábla 7 an ráta deimhnithe, a áiríodh bunaithe ar líon na samplaí ar deimhníodh go raibh drugaí iontu i ndiaidh go bhfuarthas toradh dearfach ar scagadh i dtástáil saotharlainne.

**Tábla 6**

| RANGÚ AN DRUGA | 2018 | 2017 | An t-athrú mar % |
|---|---|---|---|
| **Cannabas** | 1,034 | 723 | 43% |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 468 | 284 | 65% |
| **Cócaon** | 535 | 274 | 95% |
| **Codlaidíneach/Meatadón** | 260 | 201 | 29% |
| **Amfataimín/Meitiolamfataimín** | 82 | 62 | 32% |
| **Iomlán** | 2,379 | 1,544 | 54% |

**Tábla 7**

| RANGÚ AN DRUGA | Ráta deimhnithe |
|---|---|
| **Cannabas** | 92% |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 93% |
| **Cócaon** | 93% |
| **Codlaidíneach/Meatadón** | 85% |
| **Amfataimín/Meitiolamfataimín** | 85% |

Leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 (a actaíodh in Aibreán 2017) tugadh isteach leibhéil *per se* Cannabais, Cócaoin agus Hearóine i lánfhuil (féach Tábla 8 thíos). Ba í an bhliain 2018 an chéad bhliain iomlán a ndearnadh anailís agus tuairisciú faoi na leibhéil *per se*.

**Tábla 8**

| Druga | Teorainn Dhleathach |
|---|---|

| | |
|---|---|
| $\Delta^9$-Teitrihidreacannaibionól (cannabas) | 1ng/ml |
| 11-nor-9-carbocsai-$\Delta^9$-theitrihidreacannaibionól (cannabas) | 5ng/ml |
| Cócaon | 10ng/ml |
| Beinsidhé-asaipín (cócaon) | 50ng/ml |
| Moirfín 6-aicéiltile (Hearóin) | 5ng/ml |

B'ionann líon na sreagthaí lena raibh torthaí drugaí níos mó na teorainneacha dlíthiúla *per se* nó cothrom leo agus 963 in 2018 arb é sin méadú 186% i gcomparáid le 2017. Cé nár tháinig na bearta nua i bhfeidhm go dtí an 13 Aibreán 2017 bhí 337 sampla a deimhníodh os cionn na teorann dlíthiúla in 2017.

# DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Choinnigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chreidiúint ISO 17025 in 2018 sna réimsí seo a leanas:

* Anailís alcóil i bhfuil agus i bhfual
* Anailís drugaí
* Anailís ar thástálacha anála

Tá raon solúbtha maidir le tástálacha creidiúnaithe i bhfeidhm ag an mBiúró. Éascaíonn sé sin cur tástálacha nua drugaí le Raon Creidiúnaithe an Bhiúró agus athruithe ag an mBiúró ar mhodhanna de réir mar a bhíonn siad á bhforbairt go hinmheánach. Coinnítear máistirliosta d'athruithe a dhéantar ar an raon solúbtha mar chuid de ghnáthamh an raoin sholúbtha d'fhonn athruithe ar thástálacha creidiúnaithe a chlárú agus tástálacha creidiúnaithe sa bhreis orthu sin sa Raon Creidiúnaithe foilsithe a chur leis an raon.

Cuireadh dhá thástáil leis an gclár seo go luath in 2017:

Gléasanna GC-MS a uasghrádú go GC-MS-MS, a bhíonn in úsáid i gcainníochtú $\Delta^9$-teitrihidreacannaibionóil agus 11-nor-9-carbocsai-$\Delta^9$-theitrihidreacannaibionóil i bhfuil agus i bhfual, agus réimse cainníochtaithe $\Delta^9$-teitrihidreacannaibionóil i bhfuil a ísliú (0.5 go 35ng/ml).

Cuireadh na tástálacha seo agus leathnú an raoin le Raon Creidiúnaithe an Bhiúró i ndiaidh chuairt an Bhoird Náisiúnta um Chreidiúnú i mí Mhárta 2017. Tá sonraí iomlána an Raon Creidiúnaithe le fáil ar https://www.inab.ie/Directory of Accredited Bodies.

## Tástáil Oilteachta

Bíonn an tsaotharlann rannpháirteach i roinnt scéimeanna tástála oilteachta.

Tá sonraí na scéimeanna in 2018 le fáil in Tábla 9.

## Tábla 9

## Cláir Tástála Oilteachta

| Clár | Soláthróir | Scéim | Líon Samplaí | Anailítí |
|---|---|---|---|---|
| ***Toscaineolaíocht*** | CAP | Drugaí Mí-úsáide i Lánfhuil agus i bhFual | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | Labquality | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 6 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 12 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh, Créitínín |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tocsaineolaíocht | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Drugaí i Sreabhán Béil | 12 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tox – Beinisidhé-asaipíní | 8 sampla sa bhliain | Déiseapam, Nordiazepam, Teamaiseapam, Oxazepam, Niotraiseapam |
| | LGC Standards | Tox – Z – Drugaí | 8 sampla sa bhliain | Soipioclón, Zaleplon, Sóilpidéim |
| ***Alcól i bhFuil agus i bhFual*** | Labquality | Fuil | 8 sampla sa bhliain | Alcól |
| | Labquality | Fual, Cainníochtúil | 4 shampla sa bhliain | pH, Créitínín agus Úiré |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tox – Fuil agus Tox Fual | 24 sampla sa bhliain | Alcól |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***Tástáil Fhianaiseach Anála*** | CTS, Inc. | 568 Anailís ar Thuaslagán Ionsamhlóra Alcól Anála | 2 thuaslagán sa bhliain | Alcól |

# FAISNÉIS AIRGEADAIS

Faigheann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chuid maoinithe trí Dheontas Bliantúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Dáileadh €4,912,000 ar an mBiúró le haghaidh 2018.

# RIALÚ CORPARÁIDEACH

Bíonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ag oibriú de réir an Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Roinn Airgeadais. Bíonn an Bord ag teacht le chéile 4 huaire sa bhliain agus tá sé freagrach as bainistiú ceart an Bhiúró. Déanann sé cinntí móra straitéiseacha, déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistithe rioscaí an Bhiúró agus bíonn próisis á rialú aige ar bhonn bliantúil.

## Na Comhaltaí Boird

Tá cúigear comhaltaí ar Bhord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (an Stiúrthóir san áireamh) agus is é/í an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann iad.

| NA COMHALTAÍ BOIRD | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Tinreamh** |
| **Dr. Declan Bedford** | Cathaoirleach | 4 as 4 |
| **An tOllamh Denis Cusack** | Comhalta Boird agus Stiúrthóir | 4 as 4 |
| **Paul Burns** | Comhalta Boird | 4 as 4 |
| **An tUasal Michael Mc Dermott** | Comhalta Boird | 3 as 3 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Comhalta Boird | 4 as 4 |

## Comhaltaí an Bhiúró agus Cruinnithe

Bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2018. Bhí na cruinnithe sin ar siúl ar an 29 Márta, 18 Iúil, 27 Meán Fómhair agus 6 Nollaig 2018.

**Táillí agus Costais Chomhiomlána a íocadh le Stiúrthóirí in 2018**

Íocadh na táillí seo a leanas in 2018:

| TÁILLÍ BOIRD A ÍOCADH | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Cineál Táille** | **Íoctha 2018** | **Íoctha 2017** |
| **Dr. Declan Bedford** | Táille le haghaidh Cathaoirligh ar bhord forais stáit<br>Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit | €8,978<br>- | €6,542<br>€1,496 |
| **Paul Burns** | Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit | €5,985 | €5,985 |
| **An tUasal Michael Mc Dermott** | Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit | €3,604 | - |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Gan Aon Táille le haghaidh Comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Foras Stáit | - | - |

## Comhlíontacht

Tá áthas ar an mBord a thuairisciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na forálacha cuí den Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2018. Rinneadh iniúchadh inmheánach.

## Nochtadh

Le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear go bhFoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain i ndáil le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus bearta ar bith a rinneadh le haghaidh a thabhairt ar na noctuithe sin. De bhun an cheanglais sin, dearbhaíonn A Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre nach bhfuarthas nochtuithe cosanta ar bith de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 – 31 Nollaig 2018.

## Riachtanais Reachtúla

Deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chomhlíon sé a chuid riachtanais reachtúla in 2018.

## Eitic in Oifig Phoiblí

Ní raibh aon leas chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001 le tuairisciú ag na comhaltaí boird a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2018.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na gnéithe uile a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bíonn an Coiste ag oibriú de réir théarmaí tagartha foirmiúla. Freastalaíonn baill den choiste ar na cruinnithe agus cuireann siad tuairisc faoi bhráid an Bhoird ceithre huaire sa bhliain.

## Iniúchadh Seachtrach Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais 2017 in 2018. Níor ardaíodh aon cheist shuntasach le linn an iniúchta.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí tábhachtach chun an Bord a chur ar an eolas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Bíonn an t-iniúchóir inmheánach ag obair de réir an Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit. Ullmhaíodh tuarascáil faoin iniúchóireacht inmheánach i dtaca le 2018.

## Soláthar

Tá sé mar pholasaí ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tairiscintí iomaíocha a lorg mar chuid den phróiseas soláthair. Dearbhaíonn an Biúró gur chomhlíon sé na nósanna imeachta soláthair agus na Treoracha ábhartha de chuid an AE de réir mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit in 2018.

## Pleanáil Straitéiseach

Chuir an Biúró a Phlean Bliantúil Straitéiseach le haghaidh 2019 le chéile mar aon lena Phlean Straitéiseach Cúig Bliana 2019-2023; cuireadh an dá straitéis ar aghaidh chuig an Aire. Leagtar amach sna pleananna príomhchuspóirí an Bhiúró sa bhliain agus sna blianta atá romhainn mar aon leis na príomhghníomhartha a dhéanfaidh sé chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Tá an dá straitéis le léamh ar shuíomh an Bhiúró.

## Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá orthu as a chinntiú go mbíonn an Biúró ag comhlíonadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas. De réir comhaontú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is é an Coláiste a íocann soláthróirí sa chéad dul síos agus ansin faigheann sé aisíocaíocht ón mBiúró.

Tá sé mar pholasaí ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Is foras de chuid na hearnála poiblí é an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus mar sin, tá ceangal air déanamh de réir na riachtanas san Acht maidir le híocaíochtaí le soláthróirí as earraí nó seirbhísí a chur ar fáil.

Tá gnáthaimh dhochta i bhfeidhm aige, mar sin. I gcás líon beag soláthróirí, eiseoidh an Biúró íocaíocht i bhfoirm seic go díreach don soláthróir. Leis na rialuithe atá ann maidir le sonraisc, le nótaí creidmheasa agus lena bheith ag plé le hagóidí soláthróirí, is féidir dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú absalóideach, a dhéanamh nach bhfuil neamh-chomhlíonadh nithiúil an Achta ag titim amach.

## FINNÉACHT GHAIRMIÚIL

Thar aon réimse eile sa dlí coiriúil in Éirinn, chóir a bheith, tá dlíthíocht mhór ann maidir le forfheidhmiú i dtaca le trácht agus sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe tiomáint faoi thionchar an óil nó drugaí. Soláthraíonn an Biúró sainfhinnéithe i gcásanna a chuirtear os comhar na Cúirte. D'fhreastail baill foirne de chuid an Bhiúró ar an gcúirt 10 n-uaire in 2018.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## An raon freagrachta

Ar son an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, aithním an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á gcoinneáil agus á oibriú. Bíonn an Cód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit le comhlíonadh mar chuid den fhreagracht sin (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú le go mbíonn sé ar leibhéal inghlactha; níl sé ceaptha le riosca a bhaint ar fad. Dá bhrí sin, leis an gcóras seo ní féidir ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a dhéanamh go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart agus go gcoisctear nó go mbraitear in am agus i dtráth earráidí nó mírialtachtaí nithiúla.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa bhliain suas go 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

## Acmhainn chun Riosca a Láimhsiú

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tá triúr de na comhaltaí boird ar an gcoiste sin. Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire in 2018.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Cuirtear acmhainní dóthanacha ar fáil lena haghaidh agus bíonn an clár oibre comhaontaithe leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina léirítear an oiread de riosca atá sé sásta a ghlacadh agus na próisis atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú. Tá sonraí ann freisin faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tá an polasaí tugtha do gach ball foirne a mbítear ag súil go n-oibreoidh siad de réir pholasaithe bainistithe riosca an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le go gcuirfidh siad na bainisteoirí ar an eolas faoi rioscaí atá ag géarú, go rialóidh siad laigí agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas rialaithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun na príomhrioscaí a aithint agus a thuairisciú, agus chun na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, oiread agus is féidir, a aithint agus a thuairisciú.

Tá clár rioscaí ann a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá gach ceann acu aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn bliantúil. Bíonn toradh na measúnuithe sin in úsáid le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú go cuí de réir leibhéil is inghlactha.

Tá sonraí ar an gclár riosca faoi rialuithe agus gníomhartha ar gá tabhairt fúthu le rioscaí a mhaolú agus leis an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a shannadh do bhaill áirithe foirne. Dearbhaím go bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm i dtaca le rialú:

- tá clárú déanta ar na gnáthaimh a bhaineann leis na príomhphróisis uile ghnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta do bhainisteoirí agus tá siad cuntasach ina leith,
- tá córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm agus tá buiséad bliantúil ann a bhíonn á athbhreithniú go leanúnach ag bainisteoirí sinsearacha,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm leis na sócmhainní a chosaint, agus
- tá gnáthaimh rialaithe ann maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn go bhfuil rialú dóthanach ann ar fhaomhadh deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu siúd a fhaigheann na deontais chun a chinntiú go mbíonn deontais á gcaitheamh ar an gcúis atá luaite leo.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla bunaithe le próisis rialaithe a mhonatóiriú agus nuair a bhíonn easnaimh rialaithe ann, cuirtear sin in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh agus do bhainisteoirí agus don Bhord, nuair is cuí, in am agus i dtráth. Dearbhaím go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- tá na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le hoibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh atá aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal sa chás ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta, agus
- déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithnithe go rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais ina gcuirtear feidhmíocht in iúl le hais buiséid/réamhinsintí.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbíonn na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair á gcomhlíonadh. Dearbhaím freisin gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na nósanna imeachta sin le linn 2018.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le héifeachtúlacht a ghnáthamh bainistithe riosca agus a ghnáthamh rialaithe a mhonatóiriú. Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar éifeachtúlacht an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar threoir ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a mhaoirsíonn a chuid oibre, agus ar threoir ó bhainisteoirí sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.
Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha in 2018.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach in 2018 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Comhlíontacht ó thaobh Cánach

Tá an Lia-Bhiúró tiomanta do na dlíthe cánach a chomhlíonadh. Is amhlaidh a chomhlíon sé iad in 2018.

Thar cheann Bhord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre:

**Dr. Declan Bedford**
**An Cathaoirleach**

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Biúró trí iarratas in 2018 agus is mar seo a leanas a láimhsíodh iad:

| Cinneadh | Líon na nIarratas |
|---|---|
| **Ceadaithe** | **1** |
| **Bealach an Riaracháin** | **2** |
| **Iomlán** | **3** |


| Catagóir an té a rinne Iarratas | Líon a Fuarthas |
|---|---|
| **Iriseoir** | **1** |
| **Aturnae** | **1** |
| **Eile** | **1** |
| **Iomlán** | **3** |

## An Fhoireann

Lean an Biúró in 2018 ag oibriú de réir Chreat an Bhiúró um Rialú Fostaíochta.

# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# CAIRT EAGRÚCHÁIN




| Cúrsaí agus Comhdhálacha ar fhreastail baill foirne orthu in 2018 | |
|---|---|
| **1.** | D'fhreastail an Príomhanailísí agus dhá Anailísí Shinsearacha ar Chomhchruinniú SOFT agus TIAFT ag Boca Raton, Florida ón 7-11 Eanáir 2018. (Athsceidealaithe ó 2017) |
| **2.** | D'fhreastail an Bainisteoir Cáilíochta ar Chlár Bainistíochta Daoine dhá lá COBÁC ar an 30 - 31 Eanáir 2018 in COBÁC. |

| | |
|---|---|
| **3.** | Bhí an Stiúrthóir ina aoichainteoir ag Cruinnithe Oideachais i gColáiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann ar an 6 Feabhra (Loch Gorman) 17 Feabhra (Baile Átha Cliath) agus 12 Aibreán 2018 (an Cabhán). |
| **4.** | D'fhreastail Príomhanailísí agus Anailísí Sinsearach ar chruinniú OIML i Vársá, an Pholainn ón 14 Feabhra 2018 ar feadh 5 lá agus 2.5 lá, faoi seach. |
| **5.** | D'fhreastail Oifigeach Riaracháin ar Chlár Bainistíochta Daoine dhá lá COBÁC ar an 27 Feabhra agus 20 Márta 2018 in COBÁC. |
| **6.** | D'fhreastail Anailísí ar chruinniú UKIAFT LTG ar an 9 Márta 2018 i Londain. |
| **7.** | Bhí an Stiúrthóir ina aoichainteoir ag seimineár 1 lá de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta maidir le Daoine a d'Fhulaing de dheasca Timpistí ar Bhóithre, Contae na hIarmhí ar an 18 Márta 2018. |
| **8.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú den Phainéal Comhairleach Leighis um Alcól, Drugaí agus Tiomáint, an Ríocht Aontaithe sa Roinn Iompair, Londain ar an 21 Deireadh Fómhair 2018. |
| **9.** | D'fhreastail Oifigeach TF ar sheimineár um Shlándáil TF AD ar an 22 Márta 2018 i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath. |
| **10.** | D'fhreastail an tOifigeach Sinsearach Riaracháin, Oifigeach Riaracháin, Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin agus Cúntóir Feidhmiúcháin ar Chomhdháil RGCS CMG ar an 11 Aibreán 2018 in Stillorgan Park Hotel, Baile Átha Cliath. |
| **11.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Mheitheal Oibre maidir le Míochaine Thráchta san RCPI, Baile Átha Cliath ar an 12 Aibreán 2018. |
| **12.** | D'fhreastail Príomhanailísí ar chomhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta Tástála Ceimiceán ón 29 Aibreán 2018 ar feadh 6 lá in Indianapolis, SAM. |
| **13.** | D'fhreastail Príomhanailísí agus dhá Anailísí ar chomhdháil Chumann Mais-speictriméadrachta na hÉireann ar an 9 Bealtaine 2018 in Red Cow Hotel, Baile Átha Cliath. |
| **14.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil 2 lá na Saoráide Idirnáisiúnta um Míochaine Fhóiréinseach agus Dhlíthiúil in RCP, Londain ón 10 - 12 Bealtaine 2018. |
| **15.** | D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Alcóil Borkenstein 6 lá ón 13 Bealtaine ar aghaidh in Ollscoil Indiana, SAM. |
| **16.** | D'fhreastail Anailísí ar cheardlann Eurochem dhá lá ar na 14 agus 15 Bealtaine 2018 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath. |
| **17.** | D'fhreastail Oifigeach Sinsearach Riaracháin agus Oifigeach Riaracháin ar chúrsa ar Ról an Oifigigh Cosanta Sonraí ag Oiliúint CMG an 14 Bealtaine 2018, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath. |
| **18.** | D'fhreastail Anailísí agus Cúntóir Saotharlainne ar Oiliúint ar Fheistí Masc Aghaidhe ar an 22 Bealtaine 2018 ag SIRC COBÁC, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. |

| | |
|---|---|
| **19.** | D’fhreastail Oifigeach Sinsearach Teicniúil ar chúrsa Tástála PAT lá amháin ar an 24 Bealtaine 2018 ag an bPáirc Náisiúnta Fiontraíochta, Port Laoise, Co. Laoise. |
| **20.** | D’fhreastail Anailísí ar Chruinniú Úsáideora Agilent GC/GCMS lá amháin ar an 24 Bealtaine 2018 ag Teagasc, Baile Átha Cliath. |
| **21.** | Bhí an Stiúrthóir ina aoichainteoir ag Comhdháil Idirnáisiúnta Acadamh Idirnáisiúnta na Míochaine Dlíthiúla in Fukuora, an tSeapáin ón 5 - 8 Meitheamh 2018. |
| **22.** | D’fhreastail an Stiúrthóir ar an gComhdháil Bhliantúil i gColáiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann mar aoichainteoir ar an 25 Bealtaine 2018. |
| **23.** | D’fhreastail Anailísí Sinsearach ar chruinniú lae de chuid Thocsaineolaithe Fóiréinseacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ar an 28 Meitheamh 2018 ag Charing Cross, Londain. |
| **24.** | Bhí an Stiúrthóir ina aoichainteoir ag cruinniú an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an 25 Iúil 2018. |
| **25.** | D’fhreastail Anailísí Sinsearach ar chomhdháil TIAFT 2018 a mhair cúig lá ón 26 - 30 Lúnasa in Ghent, an Bheilg. |
| **26.** | Bhí an Stiúrthóir ina aoichainteoir ag an gComhairle Idirnáisiúnta ar Alcól, ar Dhrugaí agus ar Shábháilteacht ar Bhóithre i bPrág, Poblacht na Seice ón 1 - 4 Meán Fómhair 2018. |
| **27.** | D’fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú de Chumann Cróinéirí na hÉireann ar an 7 - 8 Meán Fómhair 2018. |
| **28.** | D’fhreastail an tOifigeach TF ar sheoladh trí lá Thermo Fisher ón 10 - 12 Meán Fómhair 2018 i mBeirlín, an Ghearmáin. |
| **29.** | D’fhreastail Oifigeach Teicniúil agus dhá Anailísí ar chúrsa oiliúna leathlae ar Láimhsiú ar an 18 Meán Fómhair 2018 in COBÁC. |
| **30.** | D’fhreastail Príomhanailís/Bainisteoir Cáilíochta ar chruinniú Líonra Ceimice ar an 19 Meán Fómhair 2018 i gCill Dara. |
| **31.** | D’fhreastail Príomhanailís ar chruinniú 3 lá de chuid Ghrúpa Úsáideoirí EvidenzerIRL ón 1 - 3 Deireadh Fómhair sa tSualainn. |
| **32.** | D’fhreastail Príomhanailísí ar chomhdháil cúig lá de chuid an Chumainn Tocsaineolaithe Fóiréinseacha ón 7 - 12 Deireadh Fómhair in Minneapolis, Minnesota, SAM. |
| **33.** | D’fhreastail an Stiúrthóir ar Mheitheal Oibre maidir le Míochaine Thráchta san RCPI, Baile Átha Cliath ar an 2018 Deireadh Fómhair 2018. |
| **34.** | D’fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú den Phainéal Comhairleach Leighis um Alcól, Drugaí agus Tiomáint, an Ríocht Aontaithe, an Roinn Iompair, Londain ar an 17 Deireadh Fómhair 2018. |

| | |
|---|---|
| **35.** | D'fhreastail an Stiúrthóir agus fhoireann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar Chruinniú Acadúil ar an 18 Deireadh Fómhair 2018 chun ócáid an Lae Cuimhneacháin 50 bliain a cheiliúradh. |
| **36.** | D'fhreastail an Bainisteoir Cáilíochta ar Chruinniú an Ghrúpa Úsáideoirí Paradigm ar an 23 Deireadh Fómhair 2018 i gCill Droichid, Co. Chill Dara. |
| **37.** | D'fhreastail 11 bhall foirne ar oiliúint ar Dräger 7510 ar an 24 Deireadh Fómhair 2018 ag MBRS. |
| **38.** | D'fhreastail Príomhanailísí agus Anailísí Sinsearach ar chomhdháil bhliantúil dá lá UKIAFT ar an 1 - 2 Samhain 2018 ag Hilton, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath. |
| **39.** | D'fhreastail dhá Anailísí ar CBG UKIAFT ar an 2 Samhain 2018 ag Hilton, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath. |
| **40.** | D'fhreastail Anailísí ar oiliúint ar Chrios Buí Agile ar an 28 Samhain 2018 ag Fortheach an Aird Mhóir, COBÁC. |
| **41.** | D'fhreastail Anailísí ar chomhdháil 2 lá ar Shubstaintí Nua Sícighníomhacha 2018 ar na 29-30 Samhain 2018 i Londain. |

# ÍDIÚ FUINNIMH


De réir ghealltanas an Rialtais i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh phoiblí a fheabhsú 33% in 2020, tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre cláraithe ar chóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus is tríd an gcóras sin a bhíonn sé ag cur a chuid tuairiscí ar fáil. Gás agus leictreachas an dá fhoinse fuinnimh is mó a bhíonn in úsáid ag an mBiúró. Tá siad riachtanach le saotharlann fhóiréinseach agus na saoráidí coimhdeacha a oibriú, e.g. teas agus soilse, trealamh saotharlainne, láimhsiú aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Bíonn tionscnaimh ar siúl ag an mBiúró chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Bíonn Córas Bainistithe Foirgnimh in úsáid le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar theas, aonaid láimhsithe aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce the) agus fean eastarraingthe. Bíonn gach ceann de na ceithre urlár in áitreabh an Bhiúró á bhainistiú go hindibhidiúil agus bíonn rialuithe uathoibríocha á sceidealú dá réir. Tá an foirgneamh feistithe le bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lascanna ama chun caitheamh fuinnimh a laghdú tuilleadh.

Bhí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre i dteagmháil leis an Rannóg Foirgneamh agus Seirbhísí in COBÁC chun caitheamh fuinnimh a laghdú tuilleadh agus pleananna chun uasghrádú mór ar an soilsiú sa tsaoráid a chur chun feidhme in 2019.


## Séanadh Dlí

Is cur síos agus staitisticí comhdhlúite ar mhaithe le heolas ginearálta amháin a thabhairt atá sa tuarascáil seo. Níor chóir brath orthu ina n-aonar chun cearta dlíthiúla ná cinntí eile faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a dhearbhú. Moltar do léitheoirí agus d'úsáideoirí aon eolas ar mian leo brath air a fhíorú lena gcomhairleoirí dlí.



**An tOllamh Denis A. Cusack,**

**Stiúrthóir.**



**Dr Declan Bedford,**

**An Cathaoirleach.**

AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

M B R S